
# 8 Maoiniú Rialtais Láir na nÚdarás Áitiúil

**8.1** Faigheann na húdaráis áitiúla cuid mhór dá maoiniú bliantúil ó réimse ranna agus gníomhaireachtaí rialtais láir (féach Fíor 8.1). Is é príomhchuspóir na tuarascála seo breac-chuntas a thabhairt ar na cistí ag sreabhadh ó fhoinsí rialtais láir, agus tríothu, chuig na húdaráis áitiúla, agus ar na cuspóirí ar soláthraíodh na cistí lena n-aghaidh.

**Fíor 8.1 Sreabhadh an mhaoinithe rialtais láir chuig na húdaráis áitiúla in 2016**





Foinse: Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Aistrithe ón rialtas láir

**8.2** Ba é €2.22 billiún iomlán an mhaoinithe a tugadh do na húdaráis áitiúla ó fhoinsí rialtais láir in 2016 — méadú 12% ar an €1.99 billiún in 2015.[1] Is ó mhaoiniú Státchiste a tháinig thart ar 57% den tsuim iomlán sin. Is tríd an gCiste Rialtais Áitiúil agus tríd an gCiste Comhshaoil a soláthraíodh an chuid eile (féach Fíor 8.2).

**Fíor 8.2 Foinsí maoinithe rialtais láir d'údaráis áitiúla, 2016**




Foinse: Anailís arna déanamh ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

**8.3** Is í an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil (an Roinn) a riarann an Ciste Rialtais Áitiúil. In 2016, is le fáltais ó mhótarcháin (€1 bhilliún), fáltais ón gcáin mhaoine áitiúil (CMÁ) (€463.4 milliún) agus ranníocaíocht €396.5 milliún ón Státchiste trí Vóta na Roinne Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil, a maoiníodh an Ciste Rialtais Áitiúil go príomha.[2]

**8.4** Bunaíodh an Ciste Comhshaoil[3] go príomha chun tacú le tionscnaimh, feachtais agus cláir chomhshaoil. Is ar leibhéal áitiúil nó réigiúnach a eagraítear go leor díobh sin faoi choimirce na n-údarás áitiúil. Fáltais ón tobhach ar mhálaí plaisteacha a bhíonn á íoc ag tomhaltóirí agus á bhailiú ag na Coimisinéirí Ioncaim agus fáltais ón tobhach ar líonadh talún atá sa Chiste Comhshaoil. Bíonn eisíocaíochtaí ón gCiste imfhálaithe chun cabhrú le tionscadail a bhfuil mar aidhm leo an timpeallacht a chosaint nó a fheabhsú.

### *Leithdháiltí na Cánach Maoine Áitiúla d'údaráis áitiúla*

**8.5** Go dtí 2014, sholáthraítí maoiniú ón gCiste Rialtais Áitiúil d'údaráis áitiúla dá gcuid gníomhaíochtaí laethúla trí dheontais ilchuspóireacha. Ní íoctar deontais ilchuspóireacha ó bhí 2015 ann, agus íoctar leithdháiltí Cánach Maoine Áitiúla (CMÁ) ina n-ionad sin.

**8.6** I Meán Fómhair 2014, chinn an Rialtas gur ar an mbonn seo a leanas a sholáthrófaí na leithdháiltí CMÁ do na húdaráis áitiúla ó 2015 ar aghaidh:

- coinnítear go háitiúil 80% de na fáltais i limistéar údaráis áitiúil
- déantar an 20% eile a athdháileadh chun maoiniú breise a sholáthar d'údaráis áitiúla áirithe a bhfuil bonn cánach maoine níos lú acu. Ar an ábhar sin, chinnteofaí go mbeadh na leithdháiltí CMÁ ar aon dul leis na leibhéil mhaoinithe faoi na deontais ilchuspóireacha in 2014 ar a laghad

1 Áirítear ann aistrithe sainaitheanta os cionn €1 mhilliún. D'fhéadfaí go mbeadh aistrithe ní ba lú eile ann nár cuireadh san áireamh iad.

2 Is iad na Coimisinéirí Ioncaim a dhéanann an Cháin Mhaoine Áitiúil a riar. Íoctar fáltais na Cánach isteach sa Phríomhchiste i dtosach, ansin íoctar isteach sa Chiste Rialtais Áitiúil iad.

3 Is í an Roinn Cumarsáide, Gnóthaí ar son na hAeráide agus Comhshaoil a riarann an Ciste Comhshaoil.

- cuirtear san áireamh leis an leithdháileadh cinntí arna ndéanamh ag comhaltaí tofa na n-údarás áitiúil na rátaí CMÁ a athrú sa limistéar údaráis áitiúil de réir an Achta Airgeadais (Cáin Mhaoine Áitiúil), 2012.

**8.7** Agus anailís á déanamh ar thionchar na leithdháiltí maoinithe CMÁ, aicmíodh na húdaráis áitiúla idir an 12 údarás i suíomh barrachais maoinithe i gcomparáid leis an deontas ilchuspóireach a leithdháileadh orthu in 2014 (mórionaid uirbeacha agus contaetha sa chrios comaitéireachta den chuid is mó) agus na 19 n-údarás eile a raibh maoiniú breise de dhíth orthu lena dtabhairt cothrom lena leibhéal maoinithe roimhe sin, .i. údaráis a raibh cothromú de dhíth orthu (féach Fíor 8.3).

**Fíor 8.3 Leithdháileadh CMÁ ar údaráis áitiúla do 2016**

| | Aicmiú na n-údarás áitiúil | | 2016 | 2015 |
|---|---|---|---|---|
| | Seasamh barrachais | Cothromú de dhíth | | |
| | €m | €m | €m | €m |
| Coinnithe sa limistéar áitiúil (80%)[a] | 266 | 112 | 378 | 400 |
| Maoiniú cothromaithe | | | | |
| - 20% den CMÁ | — | 95 | 95 | 100 |
| - Ranníocaíocht ón Státchiste[b] | 2 | 14 | 16 | 2 |
| Ísliú le haghaidh ciorruithe áitiúla sa ráta CMÁ | (35) | (1) | (36) | (44) |
| **Leithdháiltí CMÁ do 2016** | **233** | **220** | **453** | **458** |
| **Deontas ilchuspóireach 2014** | **62** | **220** | **282** | **282** |

Foinse: An Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil

Nótaí: a Bhí leithdháiltí 2016 bunaithe ar na glandliteanais a d'fhógair na Coimisinéirí Ioncaim do 2015, ach iad coigeartaithe leis an bpróiseas athrúcháin a chur san áireamh.

b Thug an Státchiste maoiniú cúiteach €2 milliún in 2016 d'fhonn a chinntiú nach mbeadh aon údaráis a raibh barrachas acu níos measa as in 2015 ó thaobh a ndeontais lánroghnaigh de, agus €14 milliún d'údaráis a raibh maoiniú cothromaithe ag teastáil uathu.

**8.8** Tá de rogha ag na húdaráis áitiúla athrú suas le 15% a dhéanamh ar rátaí CMÁ de réir Acht 2012. Le haghaidh 2016, chinn cúig údarás áitiúla laghdú 15% (an ráta uasta ceadaithe) a dhéanamh ar an CMÁ ar chostas €30.9 milliún. Rinne sé cinn eile d'údaráis áitiúla laghdú idir 1.5% agus 10% a dhéanamh ar an CMÁ ar chostas €5.1 milliún. Níor roghnaigh aon údarás áitiúil an ráta CMÁ a ardú in 2016.

**8.9** I gcás na 12 údarás a raibh maoiniú barrachais acu, chinn an Rialtas gur chóir go gcuirfí cuid den bharrachas ar fáil don údarás ar bhonn lánroghnach agus go n-úsáidfí an fuílleach (más ann) le roinnt seirbhísí áitiúla a mhaoiniú i réimse na tithíochta agus i réimse na mbóithre.

**8.10** I gcás na 12 údarás a raibh maoiniú barrachais acu, bhí an maoiniú CMÁ a soláthraíodh in 2016 (€233.1 milliún) €171.2 milliún ní ba mhó ná an deontas ilchuspóireach in 2014. Tugadh treoir do na húdaráis sin an maoiniú breise a úsáid mar seo a leanas:


- €121 milliún le haghaidh seirbhísí tithíochta
- €22 mhilliún le haghaidh seirbhísí bóithre
- €90 milliún le húsáid go lánroghnach ag údaráis áitiúla.

## Úsáid an mhaoinithe ón rialtas láir

**8.11** Ní mór formhór an mhaoinithe ón rialtas láir arna chur ar fáil d'údaráis áitiúla a úsáid le haghaidh seirbhísí sonraithe de chuid na n-údarás áitiúil. Is féidir iad sin a aicmiú de réir sé chatagóir leathana de chláir. Tá miondealú i bhFíor 8.4 ar na haistrithe chuig údaráis áitiúla idir 2010 agus 2016 ina léirítear na cláir ar tacaíodh leo (tá miondealú mionsonraithe le fáil in Iarscríbhinn 8A).

**8.12** Bhain thart ar 70% den soláthar iomlán ón rialtas láir chuig na húdaráis áitiúla le dhá chatagóir in 2016 — cláir thithíochta agus athghiniúna uirbí (41%) agus cláir iompair (29%).

**Fíor 8.4 Aistrithe ón rialtas láir chuig údaráis áitiúla, de réir an chláir caiteachais, 2010 go 2016**




Foinse: Iarscríbhinn 8A

### *Infheistiú in iompar*


**8.13** Tá de fhreagracht Bhonneagar Iompair Éireann, a fheidhmíonn faoi choimirce na Roinne Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, na bóithre náisiúnta a fheabhsú agus a chothabháil. Go hiondúil, úsáideann Bonneagar Iompair Éireann na húdaráis áitiúla mar ghníomhaithe chun tionscadail bóithre a sheachadadh, agus díríonn sé an maoiniú tríothu sin.

**8.14** Faigheann an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt leithdháileadh ón gCiste Rialtais Áitiúil chun bóithre réigiúnacha agus áitiúla a chothabháil. Soláthraíonn an Roinn maoiniú do na húdaráis áitiúla trí chóras íocaíochta Bhonneagar Iompair Éireann.

**8.15** Feidhmíonn an tÚdarás Náisiúnta Iompair faoi choimirce na Roinne Iompair, Turasóireachta agus Spóirt freisin, agus soláthraíonn sé maoiniú d'údaráis áitiúla le haghaidh feabhsuithe áirithe sa chóras iompair phoiblí. I measc na gcuspóirí maoinithe, áirítear rochtain níos fearr ar an iompar poiblí do dhaoine breacaosta, sreafaí tráchta níos fearr, bealaí breise le haghaidh rothaithe agus coisithe, agus rochtain níos fearr le haghaidh busanna agus tacsaithe.

**8.16** Léirítear i bhFíor 8.5 an treocht i leibhéal an mhaoinithe ó fhoinsí rialtais láir arna chur ar fáil d'údaráis áitiúla i leith na bpríomhréimsí iompair.

**Fíor 8.5 Maoiniú d'údaráis áitiúla le haghaidh bonneagar iompair, 2010 go 2016**





Foinse: Iarscríbhinn 8A

***Tithíocht agus athghiniúint uirbeach***

**8.17** Soláthraíonn an Roinn formhór an mhaoinithe don tithíocht agus don athghiniúint uirbeach go díreach do na húdaráis áitiúla. Bíonn ar roinnt údaráis áitiúla (deich gcinn faoi láthair) seirbhísí tithíochta a mhaoiniú ó fháltais CMÁ, ar luach arna chur in iúl ag an Roinn don údarás. Úsáideann na húdaráis áitiúla an mhaoinithe chun tacú le soláthar tithíochta sóisialta lena n-áirítear trí chlár tógála agus fála an údaráis áitiúil, obair athghiniúna agus feabhais, úsáid tháirgiúil a bhaint as aonaid fholmha in athuair, lóistín don lucht siúil a sholáthar, tithíocht dheonach agus comharthithíocht, an Scéim Cóiríochta Cíosa, an Clár Caiteachais Reatha don Tithíocht Shóisialta, Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta, deontais oiriúnaithe tithe, agus cóiríocht do dhaoine gan dídean. Léirítear i bhFíor 8.6 an treocht i leibhéal an mhaoinithe le haghaidh soláthar tithíochta.

**Fíor 8.6 Maoiniú d'údaráis áitiúla lena infheistiú i dtithíocht agus in athghiniúint uirbeach, 2010 go 2016**





Foinse: Iarscríbhinn 8A

### *Tionscnaimh chomhshaoil*

**8.18** Léirítear i bhFíor 8.7 an treocht i leibhéal an mhaoinithe ó fhoinsí rialtais láir arna chur ar fáil d'údaráis áitiúla i leith tionscnaimh chomhshaoil. Tá laghdú mór tagtha ar an maoiniú rialtas láir le haghaidh tionscadail infheistíochta do sheirbhísí uisce agus sláintíochta ó 2013 i leith toisc gur aistríodh na feidhmeanna sin ó na húdaráis áitiúla go hUisce Éireann.

**8.19** Áirítear i measc an mhaoinithe le haghaidh tionscnaimh chomhshaoil in 2016 cistí le haghaidh oibreacha faoisimh tuile arna soláthar ag Oifig na nOibreacha Poiblí. Soláthraíodh maoiniú ón gCiste Rialtais Áitiúil d'údaráis áitiúla le haghaidh na hoibreacha a bhí de dhíth tar éis roinnt stoirmeacha móra a bhí ina gcúis le tuilte ag deireadh 2015 agus go luath in 2016.

**Fíor 8.7 Maoiniú d'údaráis áitiúla le haghaidh tionscnaimh chomhshaoil, 2010 go 2016**




Foinse: Iarscríbhinn 8A

### *Seirbhísí oideachais agus fostaíochta*

**8.20** In 2015, thosaigh an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta ar mhaoiniú a sholáthar d'údaráis áitiúla, trí Fhiontraíocht Éireann, chun díol as na costais a bhaineann le tacaíochtaí forbartha fiontair áitiúla a chur ar fáil don earnáil micrifhiontair trí na hOifigí Fiontair Áitiúil (OFÁ) dá gcuid.

**8.21** Soláthraíonn Fiontraíocht Éireann raon tacaíochtaí do na hOifigí Fiontair Áitiúil, lena n-áirítear tacaíocht straitéiseach, riaracháin, theicniúil agus airgeadais. Áirítear le tacaíocht airgeadais riarachán a dhéanamh ar dháileadh mhaoiniú na Roinne ar gach údarás áitiúil de réir nósanna imeachta comhaontaithe.

**8.22** Cuireann na hOifigí raon leathan seirbhísí ar fáil d'fhiontraithe agus d'fhiontair áitiúla lena n-áirítear tacaíochtaí airgeadais díreacha do mhicreaghnóthaí incháilithe agus seirbhísí comhairleacha ar raon saincheisteanna amhail réitigh mhaoine áitiúla, rialacháin an údaráis áitiúil, pleanáil, inrochtaineacht, an comhshaol, agus soláthar. Ina theannta sin, soláthraíonn na hOifigí meantóireacht d'fhiontraithe agus d'fhiontair mar aon le hoiliúint i réimsí amhail gnólacht a bhunú agus a bhainistiú.

**8.23** Tugann an Roinn Cumarsáide, Gnóthaí ar son na hAeráide agus Comhshaoil maoiniú do na hOifigí Fiontair Áitiúil, trí Fhiontraíocht Éireann, chomh maith i leith Scéim Trádála Dearbhán Ar Líne na Roinne, a thacaíonn le gnóthais beaga trádáil ar líne.

**8.24** Cúiteoidh an Roinn Coimirce Sóisialaí na húdaráis áitiúla as caiteachas a thabhaíonn siad ar thionscadail áirithe fostaíochta pobail agus tionscnaimh jabanna.


**8.25** Roimhe seo (mar atá léirithe i bhFíor 8.8), chúitigh an Roinn Oideachais agus Scileanna údaráis áitiúla as caiteachas suntasach a thabhaigh siad i ndáil leo seo a leanas:

- deontais a íoc le mic léinn
- pinsin a íocadh le hiarfhostaithe iarchoistí gairmoideachais agus institiúidí teicneolaíochta atá ar scor.

**8.26** Faoi na socruithe athbhreithnithe:

- ó 2012 i leith, is í Tacaíocht Chomhchoiteann do Mhic Léinn in Éirinn (SUSI – atá ina chuid de Bhord Oideachais agus Oiliúna Chathair Bhaile Átha Cliath) a íocann an deontas mic léinn le mic léinn atá ag rollú i gcoláistí tríú leibhéal den chéad uair.
- Is go díreach ó Vóta na Roinne Oideachais agus Scileanna a íoctar anois as íocaíochtaí pinsin le fostaithe coistí gairmoideachais agus institiúidí teicneolaíochta atá ar scor.

**Fíor 8.8 Maoiniú d'údaráis áitiúla le haghaidh seirbhísí oideachais agus fostaíochta, 2010 go 2016**





Foinse: Iarscríbhinn 8A

### *Seirbhísí áineasa agus seirbhísí áitiúla eile*

**8.27** Cuireann comhlachtaí rialtais láir maoiniú ar fáil d'údaráis áitiúla freisin chun cabhrú leo seirbhísí a sholáthar amhail tionscadail spóirt agus chultúir, seirbhísí dóiteáin agus éigeandála, seirbhísí oidhreachta, agus seirbhísí leabharlainne agus cartlainne. Léirítear i bhFíor 8.9 an treocht i leibhéal an mhaoinithe i leith seirbhísí den sórt sin. Tá san áireamh san mhaoiniú do sheirbhísí ilghnéitheacha don bhliain 2016 maoiniú aonuaire ón gCiste Rialtais Áitiúil i leith Chomhaontú Bhóthar Lansdún (€25.3 milliún) agus cúiteamh d'údaráis áitiúla as luachái dhomhanda fóntas (€16.6 milliún).

**Fíor 8.9 Maoiniú d'údaráis áitiúla le haghaidh seirbhísí áineasa agus seirbhísí áitiúla eile, 2010 go 2016**





Foinse: Iarscríbhinn 8A

Nóta: a Áirítear faoi 'Eile' seirbhísí dóiteáin agus éigeandála, seirbhísí leabharlainne, agus seirbhísí do dhaoine faoi mhíchumas.

## Treochtaí i gcaiteachas na n-údarás áitiúil, 2010 go 2016

**8.28** Ba é €5.1 billiún an caiteachas comhiomlán a rinne na húdaráis áitiúla in 2015 (an bhliain is déanaí a bhfuil faisnéis iomlán iniúchta ar fáil lena haghaidh).[1] Cuimsíodh leis sin caiteachas caipitil de luach thart ar €1.3 billiún, agus caiteachas reatha de luach tuairim is €3.8 billiún (féach Fíor 8.10). Meastar go mbeidh thart ar €5.7 billiún i gceist leis an gcaiteachas measta le haghaidh 2016.[2]

**Fíor 8.10 Caiteachas na n-údarás áitiúil de réir cineáil, 2010 go 2016**




Foinse: An Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil

Nóta: a Réamh-mheastacháin is ea iad na figiúirí do 2016. Úsáidtear figiúirí iniúchta le haghaidh na mblianta ar fad roimhe sin.

1 Áirítear anseo caiteachas na 26 chomhairle contae, na dtrí chomhairle cathrach, agus an dá chomhairle cathrach agus contae.

2 Ní raibh comhthiomsú thorthaí caiteachais na n-údarás áitiúil le haghaidh 2016 tugtha chun críche ag an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil tráth a raibh an tuarascáil seo á foilsiú.

## Maoirseacht an rialtais láir ar údaráis áitiúla

**8.29** Tá dhá phríomhchóras ann ina ndéanann an rialtas láir maoirseacht ar chaiteachas na n-údarás áitiúil — Seirbhís Iniúchta an Rialtais Áitiúil agus an Coimisiún Náisiúnta Maoirseachta agus Iniúchóireachta.

### *Seirbhís Iniúchta an Rialtais Áitiúil*

**8.30** Déanann Seirbhís Iniúchta an Rialtais Áitiúil iniúchadh ar ráitis airgeadais gach údaráis áitiúil. Déantar an tuairim iniúchóra agus aon ní a thagann chun cinn san iniúchadh a thuairisciú don údarás áitiúil ábhartha. Seoltar cóip de gach tuarascáil iniúchóra chuig an Aire Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil agus foilsítear ar láithreán gréasáin na Roinne í. Aithníonn an Roinn saincheisteanna ar fud na hearnála atá le fiosrú a thagann chun cinn i dtuarascálacha iniúchóra, agus téann an Roinn i dteagmháil leis na húdaráis áitiúla ábhartha má theastaíonn breis faisnéise ar shaincheist ar leith.

**8.31** Déanann an tSeirbhís Iniúchta iniúchtaí luach ar airgead ar oibríochtaí na n-údarás áitiúil freisin. Tuairiscítear torthaí na n-iniúchtaí sin don Aire.

**8.32** Foilsítear tuarascáil bhliantúil ar ghníomhaíochtaí na Seirbhíse Iniúchta. Tá achoimre ann ar thorthaí an iniúchta i leith ráitis airgeadais bhliantúla na n-údarás áitiúil ar fad. Foilsíodh an tuarascáil bhliantúil ar ghníomhaíocht i Márta 2017, agus áirítear ann torthaí na n-iniúchtaí ar ráitis airgeadais 2015.[1] Cuirtear béim sa tuarascáil ar shaincheisteanna a bhaineann go sonrach leis an earnáil agus le húdaráis ar leith, amhail ioncam agus caiteachas don earnáil, suíomh ioncaim charnaigh gach údaráis áitiúil, agus an fheidhmíocht maidir le bailiú ioncaim.

## An Coimisiún Náisiúnta Maoirseachta agus Iniúchóireachta

**8.33** Bunaíodh an Coimisiún Náisiúnta Maoirseachta agus Iniúchóireachta (‘an Coimisiún’) in Iúil 2014.[2] Tá raon leathan feidhmeanna ag an gCoimisiún atá dírithe ar mhionscrúdú ar fheidhmíocht an rialtais áitiúil, lena n-áirítear an fheidhmíocht airgeadais.

**8.34** Tá straitéis an Choimisiúin agus tuairiscí ar a ghníomhaíochtaí don bhliain leagtha amach ina thuarascáil bhliantúil do 2016.[3] Déanann an Coimisiún mionscrúdú neamhspleách ar fheidhmíocht na n-údarás áitiúil trí thuarascálacha téamacha agus, nuair is gá, trí éisteachtaí ó bhéal maidir le hábhair atá faoina shainchúram. Is iad tuarascálacha foilsithe na príomh-aschuir dá chuid (féach Fíor 8.11), agus cuirtear na tuarascálacha sin faoi bhráid Coistí Oireachtais ábhartha. Déanann an Coimisiún faireachán ar thorthaí a chuid oibre trí thagairt do chur i bhfeidhm a moltaí.

1 Seirbhís Iniúchta an Rialtais Áitiúil, *Forbhreathnú ar Obair na nIniúchóirí Rialtais Áitiúil*, Márta 2017.

2 Tá foráil san Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014, do bhunú an Choimisiúin agus cuireadh an Coimisiún ar bun go foirmiúil le hIonstraim Reachtúil Uimh. 297 de 2014.

3 *Tuarascáil Bhliantúil* an Choimisiúin Náisiúnta Maoirseachta agus Iniúchóireachta, 2016 (Aibreán 2017).

**Fíor 8.11 Tuarascálacha an Choimisiúin Náisiúnta Maoirseachta agus Iniúchóireachta, 2014 – Meitheamh 2017**

Amhail Meitheamh 2017, tá 11 tuarascáil foilsithe ag an gCoimisiún

- Pleananna Corparáideacha na nÚdarás Áitiúil, 2015-2019
- Táscairí Feidhmíochta in Údaráis Áitiúla 2014
- Suirbhé um Shástacht Thionóntaí na nÚdarás Áitiúil
- Tuarascáil Dearbhaithe Cáilíochta maidir le Cód Caiteachais Phoiblí na nÚdarás Áitiúil, 2014
- Athchóirithe ón Athbhreithniú ar Éifeachtúlacht an Rialtais Áitiúil
- Tionscadail Seirbhísí Comhroinnte an Rialtais Áitiúil
- Bailiú Rátaí i measc na nÚdarás Áitiúil, 2013-2014
- Feidhmíocht Airgeadais na nÚdarás Áitiúil, 2013-2015: Easnaimh, Tuairim Iniúchóra agus Ráitis Airgeadais
- Táscairí Feidhmíochta in Údaráis Áitiúla, 2015
- Tuarascáil Dearbhaithe Cáilíochta maidir le Cód Caiteachais Phoiblí na nÚdarás Áitiúil, 2015
- Athbhreithniú ar Thithíocht ar Cíos san Earnáil Phríobháideach

Foinse: An Coimisiún Náisiúnta Maoirseachta agus Iniúchóireachta

**8.35** I measc ualach oibre reatha an Choimisiúin, áirítear tionscadail ar na nithe seo a leanas:

- an caidreamh idir na húdaráis áitiúla agus a gcuid custaiméirí
- feidhmíocht choistí iniúchóireachta na n-údarás áitiúil
- feidhmeannas iniúchóireachta inmheánaí na n-údarás áitiúil.

**8.36** Maoinítear obair an Choimisiúin tríd an gCiste Rialtais Áitiúil. Ba é €83,846 an caiteachas in 2016 agus táillí na gcomhaltaí a bhí sa tsuim sin den chuid ba mhó. Bhí beirt bhall foirne ag an gCoimisiún, a chuir an Roinn ar fáil. Ba é €110,000 costas na mball foirne sin, agus tháinig an tsuim sin ó vóta na Roinne.

## Conclúidí

**8.37** Scéal an-chasta is ea an maoiniú rialtais láir do na húdaráis áitiúla sa chaoi go n-aistrítear airgead ó ranna éagsúla le haghaidh go leor cuspóirí sonraithe éagsúla. Íocann ranna maoinithe cineálacha áirithe maoinithe go díreach leis na húdaráis áitiúla, ach íoctar maoiniú eile trí ghníomhaireachtaí roinne.

**8.38** Beagáinín ní ba mhó ná €2.2 billiún a bhí i luach iomlán na n-aistrithe maoinithe a íocadh le húdaráis áitiúla ó fhoinsí rialtais láir in 2016. €4.3 billiún a bhí i luach na n-aistrithe in 2010. Baineann cuid mhór den laghdú ar an leibhéal maoinithe leis an aistriú freagrachtaí ó údaráis áitiúla chuig gníomhaireachtaí eile, agus leis an laghdú ar chaiteachas caipitil údarás áitiúil.

## Iarscríbhinn 8A

### Fíor 8A.1 Aistrithe ón rialtas láir chuig údaráis áitiúla, de réir clár caiteachais, 2010 go 2016[a]

| Catagóir an Chaiteachais | 2010 | 2011 | 2012 | 2013 | 2014 | 2015 | 2016 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | €m | €m | €m | €m | €m | €m | €m |
| **Infheistiú in iompar** | | | | | | | |
| Feabhas ar bhóithre náisiúnta | 893 | 516 | 503 | 232 | 228 | 236 | 200 |
| Feabhas ar bhóithre réigiúnacha agus áitiúla[b] | 412 | 451 | 376 | 399 | 357 | 337 | 394 |
| Iompar poiblí (íocaíochtaí caipitiúla) | 56 | 83 | 64 | 57 | 51 | 54 | 45 |
| | **1,361** | **1,050** | **943** | **688** | **636** | **627** | **639** |
| **Tithíocht agus athghiniúint uirbeach** | | | | | | | |
| Soláthar tithíochta sóisialta[b] | 961 | 655 | 598 | 529 | 536 | 614 | 759 |
| Tithíocht inacmhainne, srl. | 84 | 68 | 58 | 43 | 39 | 3 | 2 |
| Tacaíochta tithíochta eile | 6 | 4 | 3 | 1 | 5 | 114 | 92 |
| Athghiniúint uirbeach | — | — | — | — | — | 50 | 60 |
| | **1,051** | **727** | **659** | **573** | **580** | **781** | **913** |
| **Tionscnaimh chomhshaoil** | | | | | | | |
| Seirbhísí uisce agus sláintíochta | 535 | 462 | 343 | 293 | 42 | 102 | 98 |
| Oibreacha faoisimh tuile | 17 | 8 | 22 | 10 | 21 | 44 | 34 |
| Bainistíocht dramhaíola | 11 | 11 | 5 | 9 | 5 | 3 | 18 |
| Athchúrsáil | 14 | 12 | 4 | 8 | 2 | — | — |
| Bearta comhshaoil eile | 16 | 18 | 11 | 12 | 13 | 18 | 3 |
| | **593** | **511** | **385** | **332** | **83** | **167** | **153** |
| **Seirbhísí oideachais agus fostaíochta** | | | | | | | |
| Deontais ardoideachais | 172 | 184 | 146 | 70 | 39 | 11 | 2 |
| Costais aoisliúntais agus aiscí | 217 | 171 | 15 | — | — | — | 0 |
| Scéimeanna fostaíochta | 9 | 9 | 8 | 8 | 8 | 37 | 39 |
| | **398** | **364** | **169** | **78** | **47** | **48** | **41** |
| **Seirbhísí áineasa agus seirbhísí áitiúla eile** | | | | | | | |
| Linnte snámha | 3 | 10 | 8 | 5 | — | 1 | 4 |
| Seirbhísí dóiteáin agus éigeandála | 19 | 12 | 6 | 5 | 7 | 6 | 9 |
| Seirbhís leabharlainne | 6 | 7 | 6 | 4 | 2 | 2 | 2 |
| Deontais spóirt, clóis súgartha agus tograí cultúrtha | 21 | 9 | 6 | 3 | 11 | 9 | 28 |
| Seirbhísí oidhreachta (oidhreacht ailtireachta) | 5 | 1 | 1 | 1 | 5 | 1 | 1 |
| Seirbhísí do dhaoine faoi mhíchumas | 7 | — | — | — | — | — | — |
| Seirbhísí caipitiúla ilghnéitheacha | 18 | 11 | 16 | 11 | 9 | 14 | 24 |
| Seirbhísí ilghnéitheacha[c] | 22 | 24 | 26 | 23 | 44 | 32 | 99 |
| | **101** | **74** | **69** | **52** | **78** | **65** | **167** |
| Deontais ilchuspóireacha | 763 | 700 | 638 | 642 | 281 | — | — |
| Leithdháiltí CMÁ – ilchuspóireach/lánroghnach[b] | — | — | — | — | — | 306 | 310 |
| **Maoiniú iomlán a soláthraíodh do na húdaráis áitiúla** | **4,267** | **3,426** | **2,863** | **2,365** | **1,705** | **1,994** | **2,223** |

Foinse: Ráitis airgeadais ó Oifig na nOibreacha Poiblí; ón Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil; ón Roinn Oideachais agus Scileanna; ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt; ón Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta; ón Roinn Sláinte; ón Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige; ón Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais; ón Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara; ón Roinn Coimirce Sóisialaí; ón Roinn Cumarsáide, Gnóthaí ar son na hAeráide agus Comhshaoil; ón Roinn Cosanta; ón Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta; ón gCiste Rialtais Áitiúil; agus ón gCiste Comhshaoil (níl iniúchadh déanta ar ráitis airgeadais 2016).

Nótaí:
a Rinneadh coigeartuithe ar roinnt méideanna a tuairiscíodh roimhe seo chun méideanna nach raibh san áireamh nó a ath-aicmíodh a léiriú.
b Ba é €453.2 milliún an leithdháileadh iomlán CMÁ ón gCiste Rialtais Áitiúil in 2016. Leithdháileadh é sin mar seo a leanas: Tithíocht €121.1 milliún; Bóithre €21.6 milliún; Ilchuspóireach/lánroghnach €310.5 milliún.
c Tá san áireamh san fhigiúr 'seirbhísí ilghnéitheacha' don bhliain 2016 íocaíochtaí aonuaire a rinneadh ón gCiste Rialtais Áitiúil i leith Chomhaontú Bhóthar Lansdún (€25.3 milliún) agus cúiteamh as luacháil dhomhanda fóntas (€16.6 milliún).